



Athbhreithnithe i mí an Mhárta
2024

Nóta míniúcháin maidir le hiniúchtaí an Choimisiúin de bhun Airteagal 20(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ón gComhairle

Is ar mhaithe le faisnéis amháin atá an nóta seo agus tá sé gan dochar d'aon léirmhíniú foirmiúil ar chumhachtaí imscrúdaithe an Choimisiúin Eorpaigh.

- (1) De réir an dlí tá oibleagáid ar ghnóthais ⁽¹⁾ géilleadh d'iniúchadh arna ordú le cinneadh an Choimisiúin faoi Airteagal 20(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ón gComhairle. Le húdaruithe i scríbhinn ainmnítear na hoifigigh agus na daoine tionlacain eile arna n-údarú ag an gCoimisiún chun an t-iniúchadh a dhéanamh ('na Cigirí'). Cuirfidh gach duine de na Cigirí cruthúnas céannachta ar fáil.
- (2) Ní féidir ceangal a chur ar na Cigirí tuilleadh eolais a thabhairt faoin ábhar atá leagtha amach sa chinneadh ná údar a thabhairt leis an gcinneadh ar bhealach ar bith. Ach féadfaidh siad míniú a thabhairt ar cheisteanna nós imeachta, mar shampla maidir le rúndacht nó sonraí pearsanta, agus ar na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ann dá ndiúltófaí géilleadh don iniúchadh.
- (3) Tabharfar cóip dheimhnithe den chinneadh don ghnóthas. An mhiontuairisc maidir leis an bhfógra faoin gcinneadh, ní dhéanfar leis sin ach an seachadadh a dheimhniú agus má shíneann an faighteoir í ní thugann sé le fios go ngéilleann sé don iniúchadh.
- (4) Tá sé de chumhacht ag na Cigirí, de bhun Airteagal 20(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003:
 - (a) dul isteach in aon áitreabh, ar thailte nó i gcóir iompair na ngnóthas sin;
 - (b) leabhair agus taifid eile a bhaineann leis an ngnólacht a scrúdú, gan beann ar an meán ina bhfuil siad stóráilte;
 - (c) cóipeanna nó sleachta óna leithéidí sin de leabhair nó taifid a thógáil nó a fháil in aon fhoirm;
 - (d) aon áitreabh gnó, leabhar nó taifead a shéalú ar feadh thréimhse an iniúchta agus a mhéid is gá le haghaidh an iniúchta;
 - (e) iarraidh ar aon ionadaí nó aon bhall foirne den ghnóthas míniúcháin a thabhairt maidir le fíorais nó doiciméid a bhaineann le hábhar agus le cuspóir an iniúchta agus chun na freagraí a thairfeadh.

⁽¹⁾ Sa nóta seo áirítear leis an téarma 'gnóthas' gnóthais agus comhlachais gnóthas araon.

- (5) Na hoifigigh agus na daoine tionlacain eile a údaraíonn nó a cheapann údarás iomaíochta an Bhallstáit sa chríoch ina ndéantar an t-iniúchadh, beidh siad i dteideal cúnaimh gníomhach a thabhairt do na Cigirí atá i mbun a ndualgas. Chuige sin, beidh na cumhachtaí céanna acu faoi Airteagal 20(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 is a bheidh ag na Cigirí (féach mír 4 thuas).
- (6) Féadfaidh an gnóthas **dul i gcomhairle le habhcóide seachtrach** le linn an iniúchta. Mar sin féin, ní coinníoll do dhlíthiúlacht na cigireachta é abhcóide den sórt sin a bheith ar an láthair a ndearnadh iniúchadh uirthi. Féadfaidh na Cigirí dul isteach san áitreabh, fógra a thabhairt faoin gcinneadh lena ordaítear an t-iniúchadh, agus seilbh a ghlacadh ar a rogha oifigí gan fanacht go dtí go rachaidh an gnóthas i gcomhairle lena abhcóide. Ní ghlacfaidh na Cigirí, i gcás ar bith, ach le moill ghearr agus iad ag fanacht go rachfar i gcomhairle leis an abhcóide sula dtosóidh siad scrúdú a dhéanamh ar na leabhair agus na taifid eile a bhaineann leis an ngnó, cóipeanna nó sleachta de na doiciméid sin a thógáil, áitreabh gnó agus leabhair nó taifid a shéalú más gá, nó iarraidh ar mhíniúcháin ó bhéal. Ní mór aon mhoill den sórt sin a bheith chomh gairid agus is féidir.
- (7) I gcás ina dtugann aon ionadaí nó ball foirne den ghnóthas, de bhun Airteagal 4(1) de Rialachán (CE) Uimh. 773/2004 ón gCoimisiún, **míniúcháin ó bhéal** ar an láthair maidir le fíorais nó doiciméid a bhaineann le hábhar an iniúchta arna iarraidh sin do na Cigirí, féadfar na míniúcháin a thairfeadh i bhfoirm ar bith. Cuirfear cóip d'aon tairfeadh den sórt sin ar fáil don ghnóthas lena mbaineann tar éis an iniúchta de bhun Airteagal 4(2) de Rialachán (CE) Uimh. 773/2004.
- (8) Ball foirne de ghnóthas nach bhfuil nó nach raibh údaráithe ag an ngnóthas míniúcháin a thabhairt thar ceann an ghnóthais, i gcás inar iarradh air míniúcháin a thabhairt, leagfaidh an Coimisiún teorainn ama síos ar laistigh di nach mór don ghnóthas aon cheartú, leasú nó forlíonadh a chuirtear leis na míniúcháin a thug an ball foirne sin a chur in iúl don Choimisiún, agus cuirfear iad leis na míniúcháin mar a tairfeadh iad le linn an iniúchta.
- (9) Tá na Cigirí i dteideal scrúdú a dhéanamh ar aon leabhar agus tairfead a bhaineann leis an ngnó, gan beann ar an meán ina stóráiltear iad, agus cóipeanna nó sleachta óna leithéidí sin de leabhair nó taifid a thógáil nó a fháil in aon fhoirm. Áirítear leis sin scrúdú a dhéanamh ar fhaisnéis leictreonach agus cóipeanna leictreonacha nó páipéir d'fhaisnéis den sórt sin a thógáil. Tá ionadaithe an ghnóthais i dteideal breathnú ar na gníomhartha a dhéanann na Cigirí gan cur isteach ar obair na gCigirí.
- (10) Féadfaidh na Cigirí timpeallacht TF a chuardach (e.g. néalseirbhísí, freastalaithe, ríomhairí deisce, ríomhairí glúine, táibléid agus gléasanna móibíleacha eile) agus gach meán stórála (e.g. gléasanna stórála seachtracha, téipeanna cultaca, méaróga USB, CD-ROManna, DVDanna) an ghnóthais. Bainfidh sé sin freisin le gléasanna agus meáin phríobháideacha a úsáidtear ar chúiseanna gairmiúla (Beir Leat Do Ghléas Féin - BYOD) nuair a aimseofar san áitreabh iad. Chun na críche sin, féadfaidh na Cigirí úsáid a bhaint as aon fheidhmiúlachtaí córais ionsuite i gcórais faisnéise agus i mbonneagar an ghnóthais. Féadfaidh siad úsáid a bhaint freisin as a gcuid bogearraí agus/nó cruá-earraí tiomnaithe féin ('uirlisí TF fóiréinseacha'). Cuireann na huirlisí TF fóiréinseacha sin ar a chumas don Choimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 20(2)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003, iniúchadh a dhéanamh ar chórais agus ar shonraí an ghnóthais, go háirithe trí dhúbailigh bharántúla sonraí a chruthú, lena n-áirítear sonraí arna n-aisghabháil, agus cuardach a dhéanamh ar

dhúblaigh den sórt sin agus sláine chórais agus shonraí na ngnóthas á hurramú san am céanna.

- (11) Tá sé d'oibleagáid ar an ngnóthas comhoibriú go hiomlán agus go gníomhach leis na cigirí. Ciallaíonn sé sin go bhféadfadh sé go mbeadh ar an ngnóthas ionadaithe nó baill foirne a chur ar fáil chun cúnaimh éifeachtach a thabhairt do na Cigirí. Cumhdaítear leis sin ní hamháin an oibleagáid míniúcháin a thabhairt maidir le heagrú an ghnóthais agus a thimpeallacht TF, ach freisin cúraimí sonracha a chur i gcrích amhail orduithe sonracha a rith ar na córais TF chun faisnéis a bhailiú, úsáid a bhaint as feidhmiúlachtaí coinneála dlíthíochta ionsuite, cuntais úsáideora aonair a bhlocáil go sealadach, ríomhairí reatha a dhícheangal go sealadach ón líonra, tiomántáin a bhaint agus a athshuiteáil ó ríomhairí agus tacaíocht 'cearta rochtana riarthóra' a chur ar fáil. I gcás ina ndéanfar gníomhaíochtaí den sórt sin, níor cheart don ghnóthas cur isteach ar aon bhealach ar na bearta sin agus tá an gnóthas freagrach as na fostaithe lena mbaineann a chur ar an eolas dá réir sin. Crua-earraí (e.g. meáin stórála, méaróga USB, cáblaí ceangail, scanóirí, printéirí, scáileáin) a chuirfidh an gnóthas ar fáil, féadfaidh na Cigirí iarraidh iad a úsáid, ach ní féidir iallach a chur orthu cruu-earraí an ghnóthais a úsáid. Cuirfidh an gnóthas a ndearnadh iniúchadh air, má iarrtar sin, na Cigirí ar an eolas faoin gcaoi a ndéantar a n-iarrataí a fhorghníomhú trí chomhaid loga a sholáthar nó trí na Cigirí a choimeád ar an eolas faoi na treoracha a thugtar d'fhostaithe an ghnóthais a bhfuil sé de chúram orthu iarrataí na gCigirí a fhorghníomhú.
- (12) Féadfar na meáin stórála a roghnófar lena scrúdú a choinneáil faoi rialú na gCigirí go dtí deireadh an iniúchta ar áitreabh an ghnóthais. Féadfar iad a thabhairt ar ais níos luaithe, mar shampla tar éis dúbhlach barántúil fóiréinseach inléite a dhéanamh de na sonraí atá faoi imscrúdú. Déanann an doiciméad barántúil fóiréinseach seo macasamhail na sonraí (ina n-iomláine nó go páirteach) a stóráiltear ar an meán bunaidh. Is ionann aon scrúdú a dhéantar ar an ndúbhlach barántúil agus aon scrúdú a dhéantar ar an meán stórála bunaidh.
- (13) Ón bhfógra faoin gcinneadh iniúchta, gníomhóidh an gnóthas go dúthrachtach agus déanfaidh sé gach beart iomchuí chun an fhianaise atá ar fáil dó a chaomhnú. Tá sé de fhreagracht ar an ngnóthas a fhoireann agus a ionadaithe a chur ar an eolas dá réir sin. Féadfar taifid ghnó a scríosadh (nó cur isteach orthu), cibé acu d'aon ghnó nó trí fhaillí, a bheith ina bhac ar iniúchadh an Choimisiúin. I gcás bac a bheith ar an ngnóthas, féadfaidh an Coimisiún fineáil suas le 1 % dá láimhdeachas iomlán sa bhliain ghnó roimhe sin a ghearradh ar an ngnóthas.
- (14) Síneann an dualgas fianaise a chaomhnú thar thréimhse an iniúchta ar an láthair amháin. ⁽²⁾
- (15) Na meáin stórála TF fóiréinsice uile de chuid an Choimisiúin ina stórálfar sonraí faoin gcuideachta, glanfaidh na Cigirí go hiomlán ⁽³⁾ iad ag deireadh an iniúchta.

⁽²⁾ Féach, chuige sin, breithiúnas an 9 Aibreán 2019 i gcás T-371/17, *Qualcomm agus Qualcomm Europe v an Coimisiún*, EU:T:2019:232, mír 136, ar seasadh leis ar achomharc i gcás C-466/19 P, *Qualcomm agus Qualcomm Europe v an Coimisiún*, EU:C:2021:76, mír 114.

⁽³⁾ Is é an téarma teicniúil don ghlanadh sin 'sláintiú' (dá ngairtear 'scríosadh daingean' freisin). Is é cuspóir an sláintithe na sonraí uile a bhaint de ghléas stórála ar bhealach a fhágann nach féidir na sonraí a athchruthú trí aon teicníc aitheanta.

Ní ghlanfaidh na Cigirí na crua-earraí a chuirfidh an gnóthas ar fáil, ach tabharfar ar ais don ghnóthas iad.

- (16) Mura mbeidh roghnú na ndoiciméad atá ábhartha don imscrúdú críochnaithe go fóill ag deireadh beartaithe an iniúchta ar an láthair ag áitreabh an ghnóthais, d'fhéadfadh cúiseanna dlisteanacha a bheith ann don Choimisiún cinneadh a dhéanamh, chun leas an ghnóthais lena mbaineann freisin, leanúint d'iniúchadh a dhéanamh ar na sonraí a bhailigh sé ón ngnóthas ag a áitreabh sa Bhruiséil. Sa chás sin, féadfar an chóip den tacar sonraí atá fós le cuardach a bhailiú, in éineacht leis an tacar sonraí a cuardaíodh cheana, chun leanúint leis an iniúchadh tráth níos déanaí. Déanfar an chóip sin a dhaingniú trína chur i gclúdach litreach séalaithe a thógtar chuig áitreabh an Choimisiúin sa Bhruiséil. Iarrfaidh an Coimisiún ar an ngnóthas a bheith i láthair i) nuair a osclófar an clúdach séalaithe agus ii) le linn an phróisis iniúchta nuair a leanfaidh sé ar aghaidh in áitreabh an Choimisiúin. Más rud é go n-eascaíonn costais bhreise as an iniúchadh leanúnach sin don ghnóthas a ndearnadh iniúchadh air mar thoradh ar an leanúint ar aghaidh sin amháin, féadfaidh an gnóthas aisíocaíocht na gcostas sin a éileamh trí iarraidh chúir-réasúnaithe chuige sin. De rogha air sin, féadfaidh an Coimisiún a chinneadh an clúdach séalaithe a thabhairt ar ais don ghnóthas gan é a oscailt. Féadfaidh an Coimisiún freisin iarraidh ar an ngnóthas an clúdach séalaithe a choimeád in áit shábháilte chun go bhféadfaidh an Coimisiún leanúint ar aghaidh leis an bpróiseas cuardaigh in áitreabh an ghnóthais le linn cuairt eile a fhógrófar.
- (17) Tabharfar an deis don ghnóthas athbhreithniú a dhéanamh ar na tacair sonraí shealadacha a roghnaigh na Cigirí a bheidh le cur leis an gcáschomhad chun a chinneadh an mian leis éilimh a dhéanamh a bhaineann, mar shampla, le sonraí a d'fhéadfadh a bheith cosanta ag Pribhléid Ghairmiúil Dlíodóra, nó catagóirí speisialta de shonraí pearsanta ⁽⁴⁾. Féadfaidh an gnóthas a chur in iúl freisin, ag an gcéim seo, má mheasann sé nach mbaineann aon sonraí a roghnaigh na Cigirí atá le cur leis an gcáschomhad le hábhar an chinnidh iniúchta. Maidir leis an tacar sonraí deiridh a roghnóidh na Cigirí le linn an iniúchta ar an láthair (nó tar éis iniúchadh leantach), sonraí a chuirfead le comhad cáis an Choimisiúin, gheobhaidh an gnóthas iompróir sonraí (e.g. méaróg DVD) ina mbeidh na tacair sonraí sin stóráilte. Iarrfar ar an ngnóthas liosta(i) easpórtáilte deiridh na míreanna sonraí a roghnófar a shíniú. Tabharfaidh na Cigirí leo dhá chóip chomhionanna de na tacair sonraí sin ar iompróirí sonraí criptithe.
- (18) Féadfar míreanna fianaise a roghnófar le linn an iniúchta a bhailiú agus ina hiomláine go teicniúil (e.g. má roghnaítear ceangaltán ríomhphoist amháin, is éard a bheidh san easpórtáil deiridh ná an ríomhphost cumhdaigh chomh maith leis na ceangaltáin uile a ghabhann leis an teachtaireacht áirithe sin). Nuair a bheidh an phróiseáil deiridh á déanamh ar an gcáschomhad, féadfar gach mír fianaise a bhriseadh síos ina comhpháirteanna aonair (e.g. ríomhphost cumhdaigh, ceangaltáin agus/nó míreanna sonraí leabaithe eile), agus féadfar iad a liostú cearn ar cheann ansin agus uimhreacha tagartha aonair a thabhairt dóibh dá réir sin.

⁽⁴⁾ Féach Airteagal 10(1) de Rialachán (AE) 2018/1725, ina sainítear catagóirí speisialta sonraí pearsanta mar shonraí pearsanta lena léirítear tionscnamh ciníoch nó eitneach, tuairimí polaitiúla, creideamh reiligiúnach nó fealsúnach, nó ballraíocht i gceardchumann, próiseáil sonraí géiniteacha agus bithmhéadracha chun duine nádúrtha a shainaithint go huathúil, sonraí a bhaineann leis an tsláinte nó sonraí a bhaineann le saol gnéis nó le gnéaschlaonadh duine nádúrtha. Féach freisin Airteagal 9(1) de Rialachán (AE) 2016/679.

- (19) I gcás ina gcuireann an ghnóthas ábhar ar fáil lena chóipeáil arna iarraidh sin do na Cigirí, cúiteoidh an Coimisiún, arna iarraidh sin don ghnóthas, costas an ábhair a úsáidtear chun cóipeanna a tháirgeadh don Choimisiún.
- (20) Na doiciméid a ndéanfar cóip díobh le linn an iniúchta, beidh siad clúdaithe ag forálacha Airteagal 28 de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 maidir le rúndacht ghairmiúil. Más gá, ag céim níos déanaí den nós imeachta, rochtain a thabhairt do pháirtithe eile ar na doiciméid sin, mar shampla chun rochtain a thabhairt ar an gcomhad, iarrfar ar an ngnóthas aon rúin ghnó nó aon fhaisnéis rúnda eile atá sna doiciméid a shainaithint, údar a thabhairt lena éilimh agus cóipeanna neamhrúnda a sholáthar.
- (21) I gcás ina gcinnfidh na Cigirí áitreabh gnó, leabhair nó taifid a shéalú, taifeadfar sin sna miontuairiscí. Ní mór don ghnóthas a áirithiú nach mbrisfear na séalaí greamaithe go dtí go mbainfidh na Cigirí iad arís. Cruthófar miontuairisc ar leith tráth a mbainfear na séalaí ina dtaifeadfar a staid ag an tráth sin.
- (22) Tá feidhm ag Rialachán (AE) 2018/1725 maidir le sonraí pearsanta a bhailíonn an Coimisiún le linn imscrúduithe in aghaidh trustaí. Ós rud é nach bhfuil feidhm ag rialacha an Aontais in aghaidh trustaí ach maidir le gnóthais, ní dhírítear ar shonraí pearsanta daoine aonair mar chuid d'imscrúduithe agus d'iniúchtaí a dhéanann an Coimisiún. Sonraí pearsanta ball foirne aonair i ngnóthais (cosúil lena n-ainmneacha, uimhreacha teileafóin, seoltaí ríomhphoist), d'fhéadfadh sé go mbeadh siad i ndoiciméid ghnó a bhaineann le himscrúduithe den sórt sin, áfach, agus mar sin d'fhéadfadh sé go ndéanfaí cóip díobh nó go bhfaighfí iad le linn iniúchta agus go mbeadh siad ina gcuid de chomhad an Choimisiúin.
- (23) Na sonraí pearsanta uile i gcomhaid an Choimisiúin in aghaidh trustaí, ní fhéadfar iad a úsáid ach amháin chun na críche sin ar bailíodh iad (forfheidhmiú Airteagail 101 agus/nó 102 CFAE) agus próiseálfar iad i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725, mar a shonraítear a thuilleadh i Ráiteas Príobháideachais AS na hIomaíochta ⁽⁵⁾.
- (24) Má tá catagóirí speisialta sonraí pearsanta san áireamh sna tacair sonraí atá inrochtana do na Cigirí, ⁽⁶⁾ ba cheart don ghnóthas na Cigirí a chur ar an eolas faoi shonraí pearsanta íogaire den sórt sin a bheith ann, agus na comhaid nó na sonraí lena mbaineann a shainaithint go sonrath. Déanfaidh na Cigirí iarracht athbhreithniú a dhéanamh ar thaifid den sórt sin de réir próisis ar leith ag féachaint dá n-íogaireacht.

⁽⁵⁾ Féach https://competition-policy.ec.europa.eu/system/files/2021-05/privacy_statement_antitrust_en.pdf

⁽⁶⁾ Féach fonóta 4 thuas.